Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13357/25**

**RECH 413**
**COMPET 932**
**IND 379**
**MI 701**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 30 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12821/25 |
| Ábhar: | An tábhacht a bhaineann le taighde agus nuálaíocht le haghaidh Straitéis an Aontais um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú - Conclúidí ón gComhairle (arna bhformheas an 30 Meán Fómhair 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le tábhacht a bhaineann le taighde agus nuálaíocht le haghaidh *Straitéis an Aontais um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú*, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 4119ú cruinniú a bhí aici an 30 Meán Fómhair 2025.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN TÁBHACHT A BHAINEANN LE TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT LE hAGHAIDH 'STRAITÉIS AN AONTAIS UM GHNÓLACHTAÍ NUATHIONSCANTA AGUS GNÓLACHTAÍ ATÁ AG MÉADÚ'

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á MHEABHRÚ AICI

– na conclúidí uaithi an 2 Nollaig 2022[1] maidir leis an gClár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht, ina n-aithnítear gur príomhghníomhaithe iad gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus FBManna chun geilleagar na hEorpa a chlaochlú agus gur gá feabhas a chur ar an rochtain ar mhaoiniú;

– na conclúidí uaithi an 23 Bealtaine 2024[2] maidir le luachshocrú eolais a neartú mar uirlis le haghaidh tionscal athléimneach iomaíoch agus uathriail straitéiseach i ngeilleagar oscailte san Eoraip;

– an moladh uaithi maidir le Clár Oibre Beartais LET 2025-2027[3] ina leagtar amach gníomhaíochtaí atá ábhartha don straitéis um ghnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, mar shampla le haghaidh luachshocrú eolais, bonneagair thaighde agus theicneolaíochta, gairmeacha taighde inbhuanaithe, comhionannas inscne agus cuimsitheacht, claochlú tionsclaíoch nó athchóiriú ar mheasúnú taighde;

– na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 26 Meitheamh 2025[4], inar díol sásaimh di 'Straitéis an Aontais um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú' ón gCoimisiún agus ina n-iarrtar go gcuirfí tús go pras leis an obair ar an gcur chun feidhme.

AG TABHAIRT DÁ hAIRE

– tuarascáil Letta ó mhí Aibreáin 2024 dar teideal *Much more than a market* [Margadh thar an gCoitiantacht], ina leagtar béim ar an ngá atá leis an tacaíocht airgeadais do ghnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú a neartú;

---

[1] 15602/22.
[2] 10182/24.
[3] IO C, C/2025/3593, 30.6.2025.
[4] EUCO 12/25.

– tuarascáil Draghi ó mhí Mheán Fómhair 2024 dar teideal *The future of European competitiveness* [Todhchaí iomaíochas na hEorpa] ina gcuirtear i bhfios go láidir go bhfuil go leor taighdeoirí agus fiontraithe éirimiúla san Eoraip, ach nach bhfuil fuinneamh inti chun smaointe nuálacha a aistriú ina n-éachtaí tráchtála agus nach mór di feabhas a chur ar na dálaí le haghaidh nuálaíocht cheannródaíoch ina cláir choiteanna T&N;

– tuarascáil Heitor mhí Dheireadh Fómhair 2024 dar teideal *Align, Act, Accelerate* [Ailínigh, Gníomhaigh, Luathaigh] ina n-iarrtar borradh a chur faoi iomaíochas domhanda na hEorpa trí thaighde, nuálaíocht agus gnólachtaí ag a bhfuil tionchar a chothú agus imirce daoine oilte fiontraíochta a sheachaint agus deiseanna a chailleadh don éiceachóras áitiúil Eorpach;

– torthaí ó mheastóireacht eatramhach ar Fhís Eorpach[5] lena léirítear, in ainneoin 20 % den chistiú foriomlán a bheith á leithdháileadh ar FBManna, gur dúshlán fós í bearna leanúnach chistiúcháin ag céim an mhéadaithe mar aon le luachshocrú eolais.

ÉICEACHÓRAS UAILLMHIANACH DO GHNÓLACHTAÍ NUATHIONSCANTA AGUS GNÓLACHTAÍ ATÁ AG MÉADÚ SAN EORAIP

1. IS DÍOL SÁSAIMH di an straitéis do ghnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú mar chloch mhíle thábhachtach chun iomaíochas na hEorpa a threisiú agus borradh a chur faoin nuálaíocht. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngéarghá atá le gníomhaíocht chomhbheartaithe mhisniúil chun an bhearna nuálaíochta le hiomaitheoirí domhanda agus laistigh den Aontas a dhúnadh, chun ardleas leanúnach, slándáil eacnamaíoch agus uathriail straitéiseach a áirithiú agus geilleagar oscailte san Aontas á chaomhnú ag an am céanna. MEABHRAÍTEAR DI an dinimic chasta a bhaineann le héiceachórais nuálaíochta lena n-éilítear rannpháirtíocht go leor gníomhaithe feadh an tslabhra luacha chomh maith le lúba aischothaithe dea-fheidhmiúla ó nuálaithe go réimse an taighde. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur féidir rannchuidiú go mór le cuspóirí na straitéise um ghnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú trí dhul chun cinn a dhéanamh maidir le beartais struchtúracha LET agus maidir le gníomhaíochtaí LET.

2. MOLANN SÍ don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, sainmhínithe simplí agus praiticiúla a chur chun cinn go pras maidir le gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá ag méadú, cuideachtaí meánchaipitlithe, cuideachtaí nuálacha agus gnóthais atá i gcruachás. AITHNÍONN SÍ tábhacht na sainmhínithe a bheidh ann amach anseo chun críocha rialála agus cistiúcháin. MEABHRAÍTEAR DI uaillmhianta an Choimisiúin an rómhaorlathas a laghdú i rialacháin agus i gceanglais maidir le tuairisciú, a gcur chun feidhme praiticiúil a shimpliú agus ualaí riaracháin agus eacnamaíocha a laghdú ar mhaithe le páirtithe leasmhara, go háirithe FBManna.

---

[5] 8526/25.

3. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá cur chuige uile-rialtais chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú san Eoraip, agus chun iad a mhealladh agus a choinneáil, agus chun an straitéis a chur chun feidhme. AITHNÍONN SÍ go dtéann go leor de na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa straitéis thar raon feidhme an taighde agus na nuálaíochta (T&N) agus go ndéanfar tuilleadh forbartha orthu trí ghníomhartha eile, mar a mhol an Coimisiún. Dá bhrí sin, dírítear na conclúidí seo ar na gníomhaíochtaí a bhaineann le T&N chun aird chuí a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann leis an gcuid seo den slabhra luacha ó thaobh an straitéis a bhaint amach.

BUNÚS LÁIDIR T&N A CHUMASÚ

4. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé intuarthacht agus comhleanúnachas na gclár, na straitéisí agus na rialachán cistiúcháin a áirithiú chun timpeallacht iontaofa a chur ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghnólachtaí atá ag méadú agus d’infheisteoirí agus, ar an gcaoi sin, pleanáil fhadtéarmach a éascú. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le fiontraíocht agus toilteanas rioscaí a ghlacadh a spreagadh, lena n-áirítear a bheith in ann teipeadh agus an ceart tabhairt faoi ghnó arís i gcás teipe. MOLANN SÍ do ghnólachtaí nuathionscanta uaillmhianta fáis a shaothrú agus IARRANN SÍ ar an Aontas agus ar na Ballstáit creatdálaí leordhóthanacha a áirithiú.

5. AITHNÍONN SÍ go bhfuil ról tábhachtach ag éiceachórais láidre taighde agus nuálaíochta a thagann ó institiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí a dhéanann taighde maidir le tacú le cruthú agus fás gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú trí rochtain a thabhairt ar thallann, ar bhonneagair bhunriachtanacha agus ar sheirbhísí gaolmhara. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil na héiceachórais sin ríthábhachtach chun seach-chuideachtaí acadúla agus gnólachtaí nuathionscanta acadúla ‘a choinneáil, a dhaingniú agus a scálú’, go háirithe cuideachtaí domhainteicneolaíochta, san Aontas. Leis an gcomhar fadtéarmach idir institiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí a dhéanann taighde agus an tionscal sna héiceachórais sin, cumasaítear luachshocrú eolais agus aistriú eolais. MOLANN SÍ, i measc nithe eile, do na Comhghuaillíochtaí d’Ollscoileanna Eorpacha a ngníomhaíochtaí a bhaineann le nuálaíocht agus luachshocrú eolais a neartú.

6. AITHNÍONN SÍ go gcruthaíonn cur i bhfeidhm na rialacha atá ann faoi láthair maidir le Státchabhair dúshláin d'institiúidí ardoideachais agus d'eagraíochtaí a dhéanann taighde maidir le tacú le gnólachtaí nuathionscanta a thagann chun cinn laistigh dá n-éiceachórais, go háirithe agus rochtain ar sheirbhísí agus ar bhonneagar á gcur ar fáil nó cearta maoine intleachtúla á n-aistriú chuig na gnólachtaí nuathionscanta sin. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit réitigh a lorg laistigh den chreat rialála atá ann faoi láthair. IS DÍOL SÁSAIMH di an treoir bhreise ón gCoimisiún chuig na Ballstáit i ndáil le rialacha maidir le Státchabhair a chur chun feidhme agus IARRANN SÍ go dtabharfaí aghaidh sa treoir sin ar chur chun feidhme na rialacha reatha maidir le Státchabhair a bhaineann le hinstitiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí déanta taighde.

7. DEARBHAÍONN SÍ an ról lárnach atá ag institiúidí ardoideachais agus ag eagraíochtaí a dhéanann taighde maidir le taighde den scoth agus oideachas den chéad scoth a chur ar fáil, agus nuálaíocht á spreagadh ag an am céanna trí thacaíocht a thabhairt d'aistriú eolais agus teicneolaíochta agus don fhiontraíocht. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról atá ag oifigí aistrithe eolais agus teicneolaíochta (OAETanna) a bhfuil acmhainní maithe acu maidir le comhar a chothú agus tacú leis an gcomhar idir institiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí agus gnólachtaí a dhéanann taighde agus maidir le taighde a chur ar aghaidh chuig nuálaíochtaí agus seach-chuideachtaí atá réidh don mhargadh. AITHNÍONN SÍ pleananna an Choimisiúin chun treoirphlean a fhorbairt maidir le ceadúnú, comhroinnt ríchíosanna agus ioncaim agus rannpháirtíocht cothromais d'institiúidí ardoideachais agus d'eagraíochtaí déanta taighde agus dá n-infheisteoirí agus maoin intleachtúil á dtráchtálú agus seach-chuideachtaí á gcruthú. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún modhanna a shainaithint chun saothrú torthaí taighde san Aontas a threisiú, ar torthaí iad a chistítear le cláir an Aontais.

TALLANNA AGUS SCILEANNA A CHOTHÚ, A MHEALLADH AGUS A CHOINNEÁIL

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI an bhéim a chuirtear sa straitéis ar thallann agus ar scileanna agus AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá le lucht saothair ardoilte i réimsí áirithe, mar shampla an eolaíocht, an teicneolaíocht agus an innealtóireacht, chomh maith le saineolas dlíthiúil, tráchtála agus airgeadais, le go mbeidh éiceachóras láidir ann do ghnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú. MOLANN SÍ do na Ballstáit agus do na réigiúin tacú le hinstitiúidí ardoideachais agus le heagraíochtaí a dhéanann taighde chun scileanna nuálaíochta agus fiontraíochta a neartú ina gcuid curaclam agus clár oiliúna, agus saoirse acadúil, neamhspleáchas institiúideach agus inniúlachtaí náisiúnta á n-urramú ag an am céanna. Tá sé ríthábhachtach an bhearna idir na hinscní a dhúnadh mar ábhar ceartais shóisialta agus mar infheistíocht straitéiseach in iomaíochas agus i dtáirgiúlacht an Aontais. CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé comhionannas inscne a thabhairt ar aghaidh agus rannpháirtíocht, fiontraíocht agus ceannaireacht na mban sa nuálaíocht agus i ngnólachtaí nuathionscanta a chur chun cinn. Ní hamháin go bhfuil scileanna nuálaíochta agus fiontraíochta tábhachtach do mhic léinn agus d’fhoirne acadúla, ach tá siad tábhachtach freisin d’fhoirne riaracháin arb é a gcúram tacú le taighde agus nuálaíocht, aistriú eolais agus luachshocrú in institiúidí ardoideachais agus in eagraíochtaí a dhéanann taighde. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le fothú acmhainneachta, malartú taithí agus comhroinnt dea-chleachtais. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur féidir ról lárnach a bheith ag líonraí trasnáisiúnta d’institiúidí ardoideachais agus d’eagraíochtaí a dhéanann taighde chun na cuspóirí sin a bhaint amach. AITHNÍONN SÍ an ról atá ag an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht sa chomhthéacs sin.

9. MEABHRAÍONN SÍ nach é amháin gur dúshlán é tallanna a mhealladh, ach gur dúshlán é freisin tallanna a chothú agus a choinneáil san Aontas. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionscnamh 'Roghnaigh an Eoraip' ón gCoimisiún agus MOLANN SÍ don Choimisiún cur leis na cláir agus na hionstraimí atá ann cheana, mar shampla ERASMUS+, an Chomhairle Eorpach um Thaighde, gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie agus EURAXESS, chun cur le hinniúlachtaí agus tionscnaimh náisiúnta agus réigiúnacha. CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh taighdeoirí nach ón Aontas iad a mhealltar chuig institiúidí ardoideachais nó chuig eagraíochtaí a dhéanann taighde in ann aistriú chuig róil fiontraíochta nó chuig fostaíocht i ngnólachtaí nuathionscanta, i ngnólachtaí atá ag méadú nó i dtionscail níos mó atá ag lorg a gcuid saineolais. AONTAÍONN SÍ gur gá luach saothair a thabhairt do thaighdeoirí ina ngairm bheatha, ní hamháin de réir líon agus thionchar na bhfoilseachán, ach as an luach eolaíoch freisin a ghabhann lena n-iarrachtaí maidir le haistriú eolais agus luachshocrú, a dtorthaí a thráchtálú agus a bheith páirteach in idirphlé comhroinnte eolais le lucht ceaptha beartas agus le saoránaigh. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá an obair leanúnach faoi thionscnamh na Comhghuaillíochta um Measúnú Taighde a Chur Chun Cinn (CoARA). CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí na hiarrachtaí sin a shaothrú i gcomhréir le coimircí iomchuí don tslándáil taighde[6]. MOLANN SÍ don Choimisiún cur leis na dreasachtaí atá ann cheana chun luach saothair a thabhairt do thaighdeoirí sa treoirphlean a fógraíodh le haghaidh creat forbartha gairme acadúla, ar choinníoll go gcuirfear an treoirphlean chun feidhme ar bhonn deonach.

ROCHTAIN AR BHONNEAGAIR AGUS ÉICEACHÓRAIS A LÍONRÚ

10. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé go mbeadh bonneagair thaighde agus theicneolaíochta úrscothacha ann, go mbeidís infheicthe agus inrochtana go héasca le go mbeidh éiceachóras T&N dea-fheidhmiúil agus iomaíoch san Aontas. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an mapáil atá á déanamh go leanúnach ar na bonneagair agus na torthaí a chomhroinnt ar ardán soláimhsithe agus an t-ardán sin a nuashonrú go tráthrialta. IS DÍOL SÁSAIMH DI an 'Chairt um Rochtain d'úsáideoirí tionsclaíocha' atá beartaithe le go mbeidh an tAontas agus na Ballstáit in ann tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú chun rochtain a fháil ar bhonneagair ábhartha réigiúnacha, náisiúnta nó trasteorann agus ar sheirbhísí eile a bhaineann leo. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuairim a thabhairt maidir leis an mbealach is fearr chun an Chairt um Rochtain a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach.

---

6 IO C, C/2024/3510, 30.5.2024

11. IS DÍOL SÁSAIMH DI an smaoineamh gur cheart moil líonraithe agus moil chomhair do ghnólachtaí nuathionscanta Eorpacha agus do ghnólachtaí Eorpacha atá ag méadú a neartú, ag tógáil ar thionscnaimh atá ann cheana, mar shampla Comhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha agus Rise Europe, Startup Europe agus Comhghuaillíocht Eorpach na nGnólachtaí Nuathionscanta. AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá le tosaíochtaí a shocrú agus le rannpháirtíocht ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chun na moil sin a chothú agus a chothabháil agus MEABHRAÍONN SÍ gur gá moil nuálaíochta digití réigiúnacha a nascadh ar fud an Aontais mar a léirítear sa Chlár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht. CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá an cistiú príobháideach agus poiblí chun an sprioc 3 % de OTI do T&F a bhaint amach agus MOLANN SÍ do na tionscail mhóra dul i dteagmháil le gnólachtaí nuathionscanta agus le gnólachtaí atá ag méadú agus caidrimh ghnó a bhunú chun nuálaíocht dhúchasach a choinneáil.

12. MOLANN SÍ don Choimisiún leas a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha chun idirnascthacht na mol sin a chur chun cinn ar fud an Aontais. MOLANN SÍ go rachadh líonra mol i mbun na ngníomhaíochtaí comhroinnte dea-chleachtais seo a leanas chun an tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú san Aontas a chomhchuibhiú: forbairtí éiceachóras gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, comhoibriú agus nuálaíocht oscailte idir institiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí a dhéanann taighde agus gnólachtaí nuathionscanta, cuideachtaí móra agus gnólachtaí atá ag méadú, prionsabail maidir le sonraí FAIR, bainistiú síolchistiúcháin, rochtain agus comhordú ar chórais chistiúcháin an Aontais agus córais chistiúcháin náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú, lena n-áirítear maoiniú riosca. Ba cheart don líonra glacadh na Cairte um Rochtain a chur chun cinn a thuilleadh i measc úsáideoirí tionsclaíocha agus comhairle a thabhairt maidir le rochtain ar bhonneagair thaighde agus theicneolaíochta, maidir le cearta maoine intleachtúla a bhainistiú agus maidir leis na rialacha is infheidhme i ndáil le státchabhair. CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do FBManna maidir lena n-idirnáisiúnú agus lena rochtain ar mhargaí domhanda, mar a léirigh an líonra EUREKA.

13. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá boscaí gainimh rialála le go mbeidh sé níos éasca do nuálaíochtaí iontráil sa mhargadh trí thacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá ag méadú maidir le smaointe nua a fhorbairt agus a thástáil, measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht rialála teicneolaíochtaí, táirgí agus réiteach nua, feabhas a chur ar fhoghlaim rialála, chomh maith le moltaí a eisiúint chun constaicí rialála a shárú. MOLANN SÍ go bhforbrófaí rialacha soiléire, éifeachtúla, gan an iomarca maorlathais a bheith ag baint leo, le haghaidh boscaí gainimh rialála, lena n-áirítear boscaí gainimh uile-Aontais, i gcomhréir leis na hionstraimí agus na caighdeáin atá ann cheana, mar shampla ceart maoine intleachtúla (CMI) agus cosaint an chomhshaoil, sa togra atá le teacht le haghaidh Ionstraim Eorpach um Nuálaíocht. MOLANN SÍ don Choimisiún modheolaíocht fhónta agus próisis fhónta a fhorbairt chun boscaí gainimh rialála a chur chun feidhme go pras agus go héifeachtach.

BEARNAÍ AIRGEADAIS SA SLABHRA LUACHA A DHÚNADH

14. AITHNÍONN SÍ ról na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE) maidir le tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus do ghnólachtaí nuálacha Eorpacha atá ag méadú agus IS DÍOL SÁSAIMH DI na simplithe a fógraíodh maidir lena rialacha agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún inspioráid a fháil ó na cleachtais atá ag an nGníomhaireacht Ardtionscadail Taighde (ARPA), mar shampla. AONTAÍONN SÍ gur cheart an bhearna mhaoiniúcháin do ghnólachtaí atá ag méadú a laghdú a luaithe is féidir. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an réasúnaíocht maidir leis an gCiste um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú, a bhunófar mar chuid de Ciste na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí i gcomhar leis an earnáil phríobháideach, chun cabhrú leis an mbearna mhaoiniúcháin atá ag cuideachtaí domhainteicneolaíochta atá ag méadú a dhúnadh. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuilleadh faisnéise a chur ar fáil faoin gCiste um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú agus é a shuíomh go soiléir i dtimpeallacht fhoriomlán an chistithe le sineirgí le hionstraimí eile de chuid an Aontais, go háirithe InvestEU, chomh maith le hionstraimí náisiúnta agus réigiúnacha. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún moladh a thabhairt go pras maidir le bunú, struchtúr agus foinsí airgeadais an Chiste um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú, agus maidir leis na hearnálacha straitéiseacha a dtabharfar tacaíocht dóibh faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) atá ann faoi láthair, gan dochar don chaibidlíocht maidir le CAI tar éis 2027.

15. AITHNÍONN SÍ, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, gur cheart babhtaí cistiúcháin tosaigh atá dírithe ar na céimeanna luatha, ón mbunsmaoineamh go dtí cruthú na gnólachta nuathionscanta, a chumhdach ar an leibhéal náisiúnta/réigiúnach/institiúideach. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar na húdaráis réigiúnacha féachaint ar shineirgí le bearta ábhartha den bheartas comhtháthaithe.

16. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún creat na n-ionstraimí cistiúcháin agus na n-ardán seirbhíse a shimpliú do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú, chomh maith le tírdhreach na n-ionstraimí soghluaisteachta do mhic léinn, do thaighdeoirí, d'fhiontraithe agus d'oibrithe faoin CAI reatha. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún ardán ' ilfhreastail' a bhunú do thairbhithe chun an rogha is fearr a aimsiú, na roghanna a chur i gcomparáid le chéile, agus chun rochtain a fháil ar an rogha sin ar bhealach atá tíosach ar acmhainní. Ba cheart faisnéis faoi chláir náisiúnta agus faoina gceanglais maidir le rochtain orthu agus faisnéis faoi acmhainní, lena n-áirítear caipiteal fiontair agus infheistíochtaí príobháideacha eile do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú, a chomhtháthú a mhéid is féidir. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach go gcomhordófaí leis na páirtithe leasmhara chun dúbláil a sheachaint. MOLANN SÍ don Choimisiún machnamh a dhéanamh ar chruthúnas coincheapa nó cruthúnas ar roghanna margaidh a thabhairt isteach do gach tionscadal ábhartha T&N arna chistiú ag an Aontas agus ní hamháin sa Chomhairle Eorpach um Thaighde agus sa Chomhairle Nuálaíochta Eorpach. MOLANN SÍ don Choimisiún modhanna nua a aimsiú chun feasacht a mhúscailt agus chun úsáid teicneolaíochtaí nuálacha a chur chun cinn san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach. MOLANN SÍ go mbainfí úsáid níos réamhghníomhaí as soláthar réamhthráchtála chun comhéadain a bhunú idir nuálaithe agus soláthróirí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach.

CUR CHUN FEIDHME LÁIDIR

17. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treochtaí atá ag teacht chun cinn, teicneolaíochtaí suaiteacha agus clistí margaidh a shainaithint ar fud chláir an Aontais agus na gclár náisiúnta agus réigiúnach agus na torthaí a scaipeadh ar fud na gclár sin. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit dul i mbun dlúth-idirphlé maidir le réimsí tosaíochta straitéiseacha a bheidh ann amach anseo a bheidh le clársceidealú, bunaithe ar an bhfianaise a fuarthas.

18. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Scórchlár Eorpach um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú a fógraíodh agus an tacar eochairtháscairí feidhmíochta agus MOLANN SÍ go bhféachfaí ar shineirgí le creat faireacháin an Limistéir Eorpaigh Taighde agus le hionstraimí ábhartha eile. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún miondealuithe straitéiseacha earnála a chur san áireamh i gcás na n-eochairtháscairí feidhmíochta, chomh maith le táscairí lena léirítear rannchuidiú na n-institiúidí ardoideachais agus na n-eagraíochtaí a dhéanann taighde. CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá infhaighteacht agus oscailteacht sonraí, agus modheolaíochtaí soiléire chun sonraí a bhailiú. IARRANN SÍ go gcuirfí ualú bunaithe ar mhéid an phobail i bhfeidhm chun comparáidí trastíre optamacha a dhéanamh.

19. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuairisciú go tráthrialta do na Ballstáit maidir le cur chun feidhme na straitéise agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sásra leordhóthanach comhordúcháin agus faireacháin a chur ar bun don Straitéis um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus um Ghnólachtaí atá ag Méadú, agus fóraim atá ann cheana á gcur san áireamh, mar shampla Fóram an Láraonaid Eorpaigh Faisnéise, agus é mar chuspóir ualaí tuairiscithe a mhaolú.